Plean Feabhsúcháin Scoile 1- 2013-2014

Tuairisc go Tuistí
Torthaí ón gcéad Bhliain / *Results of Year 1 2013-2014*

Táimid ag díriú isteach ar an nGaeilge mar chuid den Phlean Feabhsúcháin scoile. Don chéad bhliain bhíomar ag díriú isteach ar an nGaeilge Labhartha.
Tá an-dul chun cinn déanta ag na páistí sa Ghaeilge labhartha. Ba mhaith linn leanúint leis an deá oibre atá déanta agus béim a chur ar struchtúr ceart a úsáid agus na páistí ag labhairt as Gaeilge.

Aistear:
Tá Aistear ar siúl go leanúnach sa scoil sna ranganna Naíonán. Bíonn na páistí ag foghlaim tríd an súgradh agus tá fócas ar an dteanga labhartha. Tá an-cuid áiseanna ceannaithe ag an scoil chun Aistear a chur i bhfeidhm agus bímid ag braith ar acmhainní a fháil ó thuismitheoirí chomh maith.
Tá traenáil déanta ag beirt mhúinteoir sa scoil sa chlár Aistear agus conas mar a cheart é a chur i bhfeidm.

Aistear is now up and running in both Junior and Senior Infants. Through the Aistear programme the children learn through play with an emphasis on the spoken language. The school has purchased a lot of resources to help implement the programme and we also rely on donations from parents from time to time.

Two teachers in the school have undertaken training in implementing the Aistear programme.

Gaeilgeoir na Seachtaine:
Tá tionól seachtainiúil tosnaithe sa scoil agus bíonn deis ag na páistí duais Gaeilgeoir na Seachtaine a bhuachaint. Tugann seo spreagadh do na páistí a bheith ag labhairt as Gaeilge i rith na seachtaine.

We have started a weekly assembly where the children have an opportunity to win the Gaeilgeoir na Seachtaine' prize. This inspires the children to speak in Irish during the week.

Spreag an Ghaeilge le Spraoi
Bhaineamar úsáid as an gclár 'Spreag an Ghaeilge le Spraoi' chun Gaeilge na páistí a fheabhsú ar an gclós agus iad ag imirt cluichí. Leanfaimid linn ag baint úsáid as an gclár seo chun cur le saibhreas teanga na páistí.

We used the programme 'Spreag an Ghaeilge le Spraoi' to improve the childrens' spoken Irish on the yard and whilst playing games/sport. We will continue to implement this programme to enrich the childrens' Irish.

Todhchaí
Ba mhaith linn leanúint leis an tús maith atá curtha i bhfeidhm sa scoil ag cur béim ar shaibhreas na teanga agus go mbeidh na páistí ag baint úsáid as structúr ceart agus iad ag labhairt as Gaeilge.

1. Breathnóimid ar na botúin chomónta atá á dhéanamh ag na páistí ó thaobh struchtúr na teanga de, mar shampla:

‘An bhfuil cead agam ‘faigh’ deoch?’ Agus déanfaimid iarracht iachall a chur ar na páistí an structúr ceart a úsáid: ‘An bhfuil cead again deoch a fháil?’

2. Mar mhúinteoirí, déanfaimid iarracht gan an Modh Ordaitheach a úsáid go minic agus úsáidfimid an fhoirm cheisteach níos mó.
   Mar shampla seachas: ‘Tabhair amach na leabhair, led thoil.’
   ‘An dtabharfaidh tú na leabhair amach led thoil?’